C/2024/5664

26.9.2024

Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún

an 24 Meitheamh 2024

de bhun Airteagal 23(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle

(Cás AT.40882 — IFF – scriosadh sonraí)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2024) 4256 final)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2024/5664)

An 24 Meitheamh 2024 ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 23(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle [1]*. I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus phríomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint. Tá leagan neamhrúnda den chinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (http://ec.europa.eu/competition/antitrust/cases/)*

RÉAMHRÁ

Leis an gcinneadh, gearrtar fíneáil EUR 15 900 000 ar International Flavors & Fragrances Inc. agus ar International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS as Airteagal 20(4), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 23(1)(c) de Rialachán CE Uimh. 1/2003, a shárú. Chuir siad faisnéis ar fáil i bhfoirm neamhiomlán le linn cigireachta.

NÓS IMEACHTA

Idir an 7 agus an 10 Márta 2023, rinne an Coimisiún cigireachtaí ag áitreabh International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS faoi chuimsiú Chás AT.40826 - *Cumhráin Tomhaltóirí*. Le cinneadh cigireachta C(2023) 1094 an 10 Feabhra 2023 ceanglaíodh ar International Flavors & Fragrances Inc., in éineacht leis na gnóthais uile atá faoi rialú díreach nó indíreach aige, lena n-áirítear International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS, dul faoi chigireacht maidir lena rannpháirtíocht fhéideartha i gcomhaontuithe frithiomaíocha agus/nó i gcleachtais chomhbheartaithe atá contrártha le hAirteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE in earnáil na gcumhrán tomhaltóirí agus na gcomhábhar cumhráin.

Le linn na gcigireachtaí, bhraith an Coimisiún gur scrios fostaí de chuid International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS teachtaireachtaí WhatsApp óna fhón póca gairmiúil.

Chinn an Coimisiún an 12 Márta 2024 imeachtaí ar leithligh a thionscnamh in aghaidh International Flavors & Fragrances Inc. agus International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS (le chéile 'IFF') maidir leis an iompar sin i gCás AT.40882 – *IFF - scriosadh sonraí*.

Chuaigh an Coimisiún i mbun nós imeachta comhair le IFF, as ar tháinig comhthuiscint maidir le raon feidhme na n-agóidí agus raon na bhfíneálacha is dócha a ghearrfaidh an Coimisiún. An 29 Aibreán 2024, thug IFF aighneacht comhair isteach a bhí ag teacht le dearcadh an Choimisiúin ar an gcás, lena n-áirítear glacadh le dliteanas agus le huasmhéid na fíneála a bheartaítear a ghearrfaidh an Coimisiún.

Ghlac an Coimisiún an Ráiteas Agóidí an 16 Bealtaine 2024. Dheimhnigh IFF go soiléir gur fhreagair an Ráiteas Agóidí d'ábhar a aighneachta comhair agus go raibh sé tiomanta i gcónaí don nós imeachta comhair.

An 20 Meitheamh 2024, chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha agus thug sé tuairim dhearfach uaidh. D'eisigh an tOifigeach Éisteachta a thuarascáil chríochnaitheach láithreach ina dhiaidh sin.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

FÍORAIS

Le linn na cigireachta i gCás AT.40826 – *Cumhráin Tomhaltóirí*, ag áitreabh International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS, bhraith cigirí an Choimisiúin, agus scrúdú á dhéanamh acu ar fhón póca gairmiúil a cuireadh isteach le haghaidh cigireachta, gur scrios an coimeádaí teachtaireachtaí WhatsApp a malartaíodh le hiomaitheoir ar an ngaireas sin nuair a cuireadh ar an eolas é go raibh an chigireacht dírithe air. Bhí an coimeádaí i gceist ina fhostaí sinsearach de chuid International Flavors & Fragrances IFF (France) SAS agus International Flavors & Fragrances Inc.

Níor chuir IFF an Coimisiún ar an eolas faoin scriosadh nuair a chuir sé an gaireas isteach le haghaidh cigireachta. D'éirigh le cigirí an Choimisiúin an chuid is mó de na sonraí scriosta, nó iad go léir, a athbhunú, ar sonraí iad a bhí ábhartha don imscrúdú. D'admhaigh IFF láithreach go ndearnadh an scriosadh agus thacaigh sé go réamhghníomhach leis an gCoimisiún chun na sonraí a scriosadh a athbhunú.

MEASÚNÚ DLÍTHIÚIL

Is éard atá san iompar na taifid ghnó riachtanacha a chur ar fáil i bhfoirm neamhiomlán d'aon ghnó le linn cigireachta. Cáilítear é sin mar shárú ar Airteagal 20(4) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 23(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.

Chuir IFF na taifid a iarradh lena scrúdú ar fáil i bhfoirm neamhiomlán, ós rud é gur scrios coimeádaí an ghairis mhóibíligh ina raibh na taifid sin roinnt taifead d'aon ghnó sular cuireadh an gaireas ar fáil don Choimisiún lena scrúdú. Tharla an ionramháil sin ar thaifid ghnó le linn na cigireachta agus bhain na taifid a scriosadh le hábhar an imscrúdaithe.

FÍNEÁLACHA

Le hAirteagal 23(1)(c) de Rialachán 1/2003 ceadaítear don Choimisiún fíneáil a ghearradh nach mó ná 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin nuair a chuireann gnóthas na leabhair nó na taifid eile is gá a bhaineann leis an ngnó ar fáil i bhfoirm neamhiomlán, d'aon ghnó nó le faillí, le linn cigireachtaí faoi Airteagal 20 de Rialachán 1/2003 nó nuair a dhiúltaíonn sé dul faoi chigireachtaí arna n-ordú le cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 20(4) den rialachán céanna.

Agus méid aon fhíneála á shocrú, de bhun Airteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, tabharfar aird ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe araon.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar thromchúis an iompair atá i gceist, cuireann an Coimisiún san áireamh go raibh an sárú an-tromchúiseach de réir cineáil agus go ndearnadh d'aon ghnó é. Ba é fostaí sinsearach a scrios an fhaisnéis agus bhí an fhaisnéis sin ábhartha don imscrúdú. Cuireann an Coimisiún san áireamh freisin nach mór an fhíneáil a bheith díspreagthach go leordhóthanach. Ar bhonn na ngnéithe sin, measann an Coimisiún gurbh iomchuí fíneáil a shocrú ag 0,30 % de láimhdeachas IFF.

Mar sin féin, cuireann an Coimisiún imthosca sonracha an cháis san áireamh freisin. Chuaigh IFF i gcomhar go réamhghníomhach leis an gCoimisiún tar éis don Choimisiún scriosadh na faisnéise a bhrath. D'admhaigh IFF na fíorais láithreach agus rinne sé a dhícheall an fhaisnéis scriosta a athbhunú go tráthúil. Thairis sin, chuaigh IFF i mbun nós imeachta comhair inar admhaigh sé dliteanas i leith an tsáraithe agus inar ghlac sé le fíneáil uasta. Ar bhonn na ngnéithe sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí méid na fíneála atá le gearradh ar IFF a laghdú 50 %.

Agus measúnú á dhéanamh ar fhad an tsáraithe, ós rud é gur sárú meandrach a bhí san iompar, ní mhéadaítear méid na fíneála a thuilleadh mar gheall ar an bhfad.

Ar bhonn na ngnéithe uile thuas, tá an fhíneáil socraithe ag 0,15 % de láimhdeachas iomlán IFF in 2023. I bhfianaise gurbh fhiú EUR 10 615 000 000 láimhdeachas IFF in 2023, socraítear an fhíneáil, i ndiaidh slánú, ag EUR 15 900 000.